2025/432

6.3.2025

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/432 ÓN gCOIMISIÚN

**an 5 Márta 2025**

**lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le peintihiodráit sulfáite chopair lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1033/2013 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh peintihiodráit sulfáite chopair mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) An formheas maidir le peintihiodráit sulfáite chopair lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 ('an formheas'), rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2025. An 6 Aibreán 2023 cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas ('an t-iarratas').

(3) An 17 Meán Fómhair 2024 chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh sí tuairim maidir le hathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht, chun go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi agus chun go gcuirfidh sí isteach í, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2027.

(7) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh peintihiodráit sulfáite chopair formheasta go fóill lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1033/2013 ón gCoimisiún,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1033/2013 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2013 lena bhformheastar peintihiodráit sulfáite chopair mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 (IO L 283, 25.10.2013, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1033/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dáta éaga an fhormheasa maidir le peintihiodráit sulfáite chopair lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1033/2013, cuirtear ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2027 é.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN